



2025/2513

12.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2513 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Nollaig 2025

maidir le húdarú coimpléasc copar(II)-béitín mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas chun coimpléasc copar(II)-béitín a údarú. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (3) Baineann an t-iarratas sin le coimpléasc copar(II)-béitín a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir 'breiseáin chothaitheacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile de riandúile'.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 11 Eanáir 2023⁽²⁾ go bhfuil coimpléasc copar(II)-béitín sábháilte do gach speiceas ainmhíoch agus do thomhaltóirí. Maidir leis an gcomhshaol, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go meastar ag na leibhéil úsáide atá beartaithe go bhfuil an tsubstaint sábháilte do na speicis talún agus do na córais dobharshaothraithe ar talamh. Leis na sonraí a bhí ar fáil, ní rabhthas in ann conclúid a dhéanamh maidir le sábháilteacht an bhreiseáin le haghaidh dríodair mhuirí, nuair a úsáidtear i gcaighin mhara é. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin gur dócha go dtarlódh nochtadh ar an mbreiseáin trí ionanálú. Is greannaitheoir súl é an breiseán, agus ní greannaitheoir craicinn é. Meastar gur íogróir craicinn agus riospráide é an breiseán, os rud é go bhfuil nicil ann. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin, ar bhonn na sonraí atá ar fáil, nach féidir éifeachtúlacht an bhreiseáin a léiriú. Sa dara tuairim uaidh an 15 Samhain 2023⁽³⁾, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach mbaineann riosca le húsáid an bhreiseáin faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe sa deighleog dobharshaothraithe mhuirí. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin, ar bhonn na sonraí atá ar fáil, nach féidir éifeachtúlacht an bhreiseáin a léiriú. Sa tríú tuairim uaidh an 6 Bealtaine 2025⁽⁴⁾, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an breiseán éifeachtúil mar fhoins copair le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Níor mheas sé go raibh gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D'fhóraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann coimpléasc copar(II)-béitín na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(2):7817, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7817>.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21:e8460, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8460>.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2025;23:e9469, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9469>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, substaint a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile de riandúile', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					Cion den dúile (Cu) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile								
3b416	Coimpléasc copar(II)-béitín	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Coimpléasc copar-béitín a bhfuil íosmhéid 19 % copar agus íosmhéid 36 % béitín ann; Nicil: uasmhéid 77 mg/kg; Foirm sholadach ----- <i>Tréithriú na substaintí gníomhacha</i> Ainm: caitéine-[dé-acuasulfató-μ2-(trímheitiolamóinea)aicéatató-copar(II)]; Foirmle cheimiceach: [Cu(H ₂ O) ₂ ((CH ₃) ₃ NCH ₂ COO)(SO ₄)]n Sonraíochtaí: Copar: 19 % ar a laghad; Béitín: 36 % ar a laghad; Sulfar: 9 %–12 %; Taise: 5 % ar a mhéid <i>Modhanna anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le cion iomlán an chopair sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15621 nó EN 15510) nó — Speictriméadracht ionsaithe adamhaigh, AAS (ISO 6869).	Bó-ainmhithe	Roimh thús an athchogaidh		15	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas ar an lipéad: — I gcás beatha le haghaidh caorach, má sháraíonn leibhéal an chopair sa bheatha 10 mg/kg: 'D'fhéadfadh leibhéal an chopair sa bheatha seo a bheith ina chúis le nimhiú i bpórtha áirithe caorach.' — Maidir le beatha le haghaidh bó-ainmhithe tar éis tús a chur leis an athchogaint, más lú ná 20 mg/kg an leibhéal copair sa bheatha: 'D'fhéadfadh leibhéal an chopair sa bheatha seo a bheith ina chúis le heasnaimh chopair i bhféaraigh innilte eallaigh ina bhfuil cion ard molaibdéinim nó sulfair.'	an 1 Eanáir 2036
			Bó-ainmhithe eile			30		
			Ainmhithe de chineál caorach			15		
			Ainmhithe de chineál gabhair			35		
			Bainbh dhiúil agus scoite	Suas le 4 seachtaine tar éis iad a bhaint den diúl		150		
			Bainbh	Ón 5ú seachtain i ndiaidh iad a scoitheadh suas le 8 seachtainí i ndiaidh iad a scoitheadh		100		
			Crústaigh			50		
			Speicis agus catagóirí eile ainmhithe			25		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					Cion den dúile (Cu) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile								
		Maidir le cion iomlán an <i>chopair</i> sna <i>réamh-mheascáin</i> a chainníochtú: — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15621 nó EN 15510) nó — Speictriméadracht ionsaithe adamhaigh, AAS (ISO 6869) nó — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053). Maidir le cion iomlán an <i>chopair</i> sa <i>bheatha chumaisc</i> a chainníochtú: — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15621 nó EN 15510) nó — Speictriméadracht ionsaithe adamhaigh, AAS (Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, (larscríbhinn IV-C) nó ISO 6869) nó — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-MS (EN 17053). Maidir le cion an <i>bhéitín</i> atá sa <i>bhreiseán beathaithe</i> a chainníochtú: — Crómatagrafaíocht leachta ardfeidhmíochta le brath na comhéifeachta athraonta (HPLC-RI). Maidir le cion an <i>tsulfair</i> agus na <i>sulfáite</i> atá sa <i>bhreiseán beathaithe</i> a chainníochtú: — Speictriméadracht astaíochta adamhaí le plasma cúpláilte go hionduchtach, ICP-AES (EN 15621).					3. Maidir le húsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile, go háirithe i ngeall ar chion na nicile. I gcás nach féidir rioscaí den sórt sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den sórt sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta iomchuí, lena n-áirítear cosaint do na súile, don chraiceann agus don análú.	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					Cion den dúile (Cu) i mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile de riandúile								
		Chun foirmiú coimpléasc copar(II)-béitín a chruthú: — Díraonadh x-ghathanna le púdar (XRD).						
(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.								